AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 16.11.2026
COM(2026) 621 final

2026/0359 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear ocht gCinneadh maidir le Creat-Chomhaontuithe a thabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach agus tíortha áirithe is iarrthóirí agus tíortha áirithe Bheartas Comharsanachta na hEorpa maidir leis na prionsabail ghinearálta i dtaca le rannpháirtíocht i gcláir de chuid an Aontais

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

1.1. Forais agus cuspóirí an togra

Mar chuid den phróiseas um méadú agus de Bheartas Comharsanachta na hEorpa (BCE), bhí oscailt chláir áirithe de chuid an Aontais Eorpaigh do thíortha aontacha, do thíortha is iarrthóirí nó do thíortha is iarrthóirí ionchasacha (dá ngairtear 'tíortha is iarrthóirí' anseo feasta) agus do thíortha Bheartas Comharsanachta na hEorpa (dá ngairtear 'tíortha BCE' anseo feasta) ar cheann den iliomad beart a d'úsáid na tíortha sin chun athchóiriú, nuachóiriú, aistriú agus ailíniú de réir a chéile le *acquis* an Aontais a chur chun cinn.

Ina Theachtaireacht in 2006 chuig an gComhairle agus chuig Parlaimint na hEorpa maidir leis an gcur chuige ginearálta chun tíortha comhpháirtíochta BCE a chumasú (chun páirt a ghlacadh i ngníomhaireachtaí Comhphobail agus i gcláir Chomhphobail[1], mhol an Coimisiún cloí, *mutatis mutandis*, leis an gcleachtas a bhí bunaithe cheana féin i ndáil le tíortha aontacha, tíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasacha (an 'cur chuige creata' mar a thugtar air) a úsáideadh ó bhí 2002 ann[2] chun rannpháirtíocht tíortha BCE sna Cláir Chomhphobail a bhí ann ag an am a cheadú. Bhí dhá phríomhchéim sa mhodheolaíocht 'cur chuige creata' sin:

(1) Maidir le tíortha aontacha, tíortha is iarrthóirí, tíortha is iarrthóirí ionchasacha nó tíortha BCE, is é atá sa **chéad chéim** comhaontú a thabhairt i gcrích ina leagtar amach na prionsabail ghinearálta maidir le rannpháirtíocht chun an rannpháirtíocht sin a cheadú sna cláir sin de chuid an Aontais dá gceadaítear leis an ngníomh dlí lena mbunaítear iad do rannpháirtíocht tíortha aontacha, tíortha is iarrthóirí, tíortha is iarrthóirí ionchasacha nó tíortha BCE. Is i bhfoirm prótacail nó Creat-Chomhaontuithe (dá ngairtear Creat-Chomhaontuithe anseo feasta) atá comhaontuithe den sórt sin. Glacann an Chomhairle iad tar éis toiliú a fháil ón bParlaimint agus soláthraíonn siad struchtúr foriomlán agus na príomh-mhodúlachtaí lena rialaítear rannpháirtíocht tríú tír sna cláir lena mbaineann. Tugann siad an bunús dlí is gá don Aontas chun acmhainní airgeadais a ghealladh a bhaineann le rannpháirtíocht an tríú tír sna cláir agus cuireann siad ar a chumas don Aontas a iarraidh go n-íocfaí ranníocaíocht airgeadais ón tríú tír lena mbaineann le haghaidh chláir an Aontais ina bhfuil an rannpháirtíocht bunaithe. Sonraítear iontu freisin nach mór rialacha iomchuí airgeadais agus iniúchóireachta an Aontais a urramú, agus go mbeidh rannpháirtithe ón tríú tír lena mbaineann, a mhéid is féidir, faoi réir na gcoinníollacha céanna le rannpháirtithe ó na Ballstáit. Déantar foráil iontu freisin lena gceadaítear don tríú tír lena mbaineann páirt a ghlacadh mar bhreathnadóir sna coistí atá freagrach as na cláir atá i gceist a chur chun feidhme maidir leis na pointí a bhaineann leis an tír sin. Ar deireadh, agus níos tábhachtaí fós don chinneadh seo, cuireann na comhaontuithe sin bonn ar fáil freisin don Choimisiún agus don tríú tír lena mbaineann chun téarmaí agus coinníollacha sonracha a chomhaontú maidir le rannpháirtíocht an tríú tír i ngach clár de chuid an Aontais (is iondúil go mbíonn an fhoráil sin in Airteagal 5 de na Creat-Chomhaontuithe).

---

1 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig an gComhairle agus chuig Parlaimint na hEorpa maidir leis an gcur chuige ginearálta chun cur ar a gcumas do thíortha comhpháirtíochta BCE a bheith rannpháirteach i ngníomhaireachtaí Comhphobail agus i gcláir Chomhphobail, COM/2006/0724 final.

2 Féach an Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig an gComhairle agus chuig Parlaimint na hEorpa an 3 Nollaig 2003 maidir le bheith 'ag ullmhú do rannpháirtíocht thíortha na mBalcán Thiar i gcláir agus i ngníomhaireachtaí Comhphobail', COM(2003)748.

(2) Mar a luadh thuas, déantar foráil sna Creat-Chomhaontuithe maidir leis na téarmaí agus na coinníollacha sonracha i ndáil le rannpháirtíocht na tíre is iarrthóir nó na tíre BCE sin i ngach clár ar leith a bheidh le cinneadh i gcomhaontú idir an Coimisiún Eorpach, ag gníomhú dó thar ceann an Aontais, agus an tír aontach, an tír is iarrthóir, an tír is iarrthóir ionchasach nó an tír BCE i dtrácht. Comhfhreagraíonn tabhairt i gcrích na gcomhaontuithe ceangailteacha déthaobhacha sin maidir le rannpháirtíocht an tríú tír i gclár sonrach de chuid an Aontais (an Comhaontú maidir le Clár sonrach de chuid an Aontais 'CCSA' anseo feasta) don **dara céim**.

(3) Go dtí seo, tá Creat-Chomhaontuithe den chineál thuasluaite tugtha i gcrích ag an Aontas le roinnt tíortha is iarrthóirí, tíortha is iarrthóirí ionchasacha agus tíortha BCE, is iad sin an Albáin[3], an Ailgéir[4], an Airméin[5], an Asarbaiseáin[6], an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin[7], an tSeoirsia[8], an Iordáin[9], an Chosaiv[10], an Liobáin[11], an Mholdóiv[12],

---

3 An Creat-Chomhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht na hAlbáine maidir leis na prionsabail ghinearálta i dtaca le rannpháirtíocht Phoblacht na hAlbáine i gcláir de chuid an Chomhphobail, IO L 192, 22.7.2005.

4 An Prótacal a ghabhann leis an gComhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Daon-Phoblacht Dhaonlathach na hAilgéire, den pháirt eile, maidir le Creat-Chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus Daon-Phoblacht Dhaonlathach na hAilgéire maidir leis na prionsabail ghinearálta i dtaca le rannpháirtíocht Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na hAilgéire i gcláir de chuid an Aontais, IO L 148, 13.6.2015.

5 An Prótacal a ghabhann leis an gComhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Poblacht na hAirméine, den pháirt eile, maidir le Creat-Chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na hAirméine maidir leis na prionsabail ghinearálta i dtaca le rannpháirtíocht Phoblacht na hAirméine i gcláir de chuid an Aontais, IO L 174, 13.6.2014.

6 An Prótacal a ghabhann leis an gComhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Poblacht na hAsarbaiseáine, den pháirt eile, maidir le Creat-Chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na hAsarbaiseáine maidir leis na prionsabail ghinearálta i dtaca le rannpháirtíocht Phoblacht na hAsarbaiseáine i gcláir de chuid an Aontais, IO L 19, 24.1.2015.

7 An Creat-Chomhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin maidir leis na prionsabail ghinearálta a bhaineann le rannpháirtíocht na Boisnia agus na Heirseagaivéine i gcláir de chuid an Chomhphobail, IO L 192, 22.7.2005.

8 An Prótacal a ghabhann leis an gComhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus an tSeoirsia, den pháirt eile, maidir le Creat-Chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus an tSeoirsia maidir leis na prionsabail ghinearálta i dtaca le rannpháirtíocht na Seoirsia i gcláir de chuid an Aontais, IO L 8, 11.1.2014.

9 An Prótacal a ghabhann leis an gComhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Ríocht Haisimíteach na hIordáine, den pháirt eile, maidir le Creat-Chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Haisimíteach na hIordáine maidir leis na prionsabail ghinearálta i dtaca le rannpháirtíocht Ríocht Haisimíteach na hIordáine i gcláir de chuid an Aontais, IO L 117, 27.4.2013.

10 Creat-Chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Chosaiv (Tá an t-ainmniú seo gan dochar do sheasaimh maidir le stádas, agus tá sé ag teacht le UNSCR 1244/1999 agus le tuairim CBI maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive) maidir leis na prionsabail ghinearálta i dtaca le rannpháirtíocht na Cosaive i gcláir de chuid an Aontais, IO L 195, 27.7.2017.

11 An Prótacal a ghabhann leis an gComhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Liobáine, den pháirt eile, maidir le Creat-Chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Liobáine maidir leis na prionsabail ghinearálta i dtaca le rannpháirtíocht Phoblacht na Liobáine i gcláir de chuid an Aontais, IO L 47, 20.2.2015.

12 An Prótacal a ghabhann leis an gComhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Moldóive, den pháirt eile, maidir le Creat-Chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Moldóive maidir leis na prionsabail ghinearálta i dtaca le rannpháirtíocht Phoblacht na Moldóive i gcláir de chuid an Aontais, IO L 14, 19.1.2011.

Montainéagró[13], Maracó[14], an Mhacadóin Thuaidh[15], Údarás na Palaistíne[16], an tSeirbia[17], an Túinéis[18], an Tuirc[19] agus an Úcráin[20], agus tá Comhaontú den sórt sin sínithe aige le hIosrael[21].

(4) Tugtar le tuiscint leis an gcur chuige dhá chéim a leagtar amach go ndéanfaidh an Coimisiún CCSA a chaibidliú agus a thabhairt i gcrích i gcomhréir le hAirteagal 5 de na Creat-Chomhaontuithe agus chuige sin ba cheart an nós imeachta is infheidhme de chuid an Aontais chun CCSA a ghlacadh a dhéanamh tríd an nós imeachta simplithe dá ndéantar foráil in Airteagal 218(7) CFAE.

(5) Mar sin féin, níl údarú sainráite don Choimisiún, ar bhonn Airteagal 218(7) CFAE, chun CCSA a thabhairt i gcrích le fáil ach i gcinntí áirithe ón gComhairle maidir le Creat-Chomhaontuithe a thabhairt i gcrích maidir le prionsabail ghinearálta na rannpháirtíochta i gcláir an Aontais le tíortha is iarrthóirí, le tíortha is iarrthóirí ionchasacha nó le tíortha BCE, is iad sin sna cinntí sin a bhaineann leis na prótacail a ghabhann leis na comhaontuithe comhpháirtíochta leis na tíortha seo a leanas: An

---

13 Comhaontú i bhfoirm malartú litreacha maidir le cur i bhfeidhm sealadach Phrótacal 8 a ghabhann leis an gComhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Poblacht Mhontainéagró, den pháirt eile, maidir leis na prionsabail ghinearálta i dtaca le rannpháirtíocht Mhontainéagró i gcláir de chuid an Chomhphobail, IO L 43, 19.2.2008.

14 An Prótacal a ghabhann leis an gComhaontú Eora-Mheánmhara idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Ríocht Mharacó, den pháirt eile, maidir le creat-chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Mharacó maidir leis na prionsabail ghinearálta i dtaca le rannpháirtíocht Ríocht Mharacó i gcláir de chuid an Aontais, IO L 90, 28.3.2012.

15 An Prótacal a ghabhann leis an gComhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Poblacht iar-Iúgslavach na Macadóine, den pháirt eile, maidir le Creat-Chomhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht iar-Iúgslavach na Macadóine maidir leis na prionsabail ghinearálta i dtaca le rannpháirtíocht Phoblacht iar-Iúgslavach na Macadóine i gcláir de chuid an Chomhphobail, IO L 192, 22.7.2005.

16 An Prótacal a ghabhann leis an gComhaontú Eatramhach Comhlachais Eora-Mheánmhara maidir le trádáil agus comhar idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt, agus Eagraíocht Shaoirse na Palaistíne (PLO) ar mhaithe le hÚdarás na Palaistíne um an mBruach Thiar agus Stráice Gaza, den pháirt eile, maidir le Creat-Chomaontú idir an tAontas Eorpach agus Údarás na Palaistíne um an mBruach Thiar agus Stráice Gaza maidir leis na prionsabail ghinearálta i dtaca lena rannpháirtíocht i gcláir de chuid an Aontais, IO L 121, 8.4.2021.

17 An Creat-Chomhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus an tSeirbia agus Montainéagró maidir leis na prionsabail ghinearálta i dtaca le rannpháirtíocht na Seirbia agus Mhontainéagró i gcláir de chuid an Chomhphobail, IO L 192, 22.7.2005.

18 Prótacal a ghabhann leis an gComhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Túinéise, den pháirt eile, maidir le Creat-Chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Túinéise maidir leis na prionsabail ghinearálta i dtaca le rannpháirtíocht Phoblacht na Túinéise i gcláir de chuid an Aontais, IO L 96, 11.4.2015.

19 An Creat-Chomhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht na Tuirce maidir leis na prionsabail ghinearálta le haghaidh rannpháirtíocht Phoblacht na Tuirce i gcláir de chuid an Chomhphobail, IO L 61, 2.3.2002.

20 Prótacal a ghabhann leis an gComhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus an Úcráin, den pháirt eile, maidir le Creat-Chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin maidir leis na prionsabail ghinearálta i dtaca le rannpháirtíocht na hÚcráine i gcláir de chuid an Aontais, IO L 18, 21.1.2011.

21 Prótacal a ghabhann leis an gComhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Stát Iosrael, den pháirt eile, maidir le Creat-Chomhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Stát Iosrael maidir leis na prionsabail ghinearálta lena rialaítear rannpháirtíocht Stát Iosrael i gcláir Chomhphobail, IO L 129, 17.5.2008.

Albáin[22], an Ailgéir[23], an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin[24], an Chosaiv[25], an Liobáin[26], an Mhacadóin Thuaidh[27], Údarás na Palaistíne[28], an tSeirbia[29], an Túinéis[30] agus an Tuirc[31].

(6) Os a choinne sin, cé go ndéantar foráil sna Creat-Chomhaontuithe leis an Airméin[32], leis an Asarbaiseáin[33], leis an Iordáin[34], leis an tSeoirsia[35], leis an Moldóiv[36], le

---

22 Cinneadh 2005/524/CE ón gComhairle an 2 Meitheamh 2005 maidir le tabhairt i gcrích Creat-Chomhaontaithe idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht na hAlbáine maidir leis na prionsabail ghinearálta i dtaca le rannpháirtíocht Phoblacht na hAlbáine i gcláir de chuid an Chomhphobail, IO L 192, 22.7.2005.

23 Cinneadh (AE) 2017/85 ón gComhairle an 16 Eanáir 2017 maidir le tabhairt i gcrích an Phrótacail a ghabhann leis an gComhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Daon-Phoblacht Dhaonlathach na hAilgéire, den pháirt eile, maidir le Creat-Chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus Daon-Phoblacht Dhaonlathach na hAilgéire maidir leis na prionsabail ghinearálta i dtaca le rannpháirtíocht Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na hAilgéire i gcláir de chuid an Aontais, IO L 14, 18.1.2017.

24 Cinneadh 2005/525/CE ón gComhairle an 2 Meitheamh 2005 maidir le tabhairt i gcrích Creat-Chomhaontaithe idir an Comhphobal Eorpach agus an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin maidir leis na prionsabail ghinearálta i dtaca le rannpháirtíocht na Boisnia agus na Heirseagaivéine i gcláir de chuid an Chomhphobail, IO L 192, 22.7.2005.

25 Cinneadh (AE) 2017/1388 ón gComhairle an 17 Iúil 2017 maidir le tabhairt i gcrích an Chreat-Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an Chosaiv (Tá an t-ainmniú seo gan dochar do sheasaimh maidir le stádas, agus tá sé ag teacht le UNSCR 1244(1999) agus le Tuairim CBI maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive) maidir leis na prionsabail ghinearálta i dtaca le rannpháirtíocht na Cosaive i gcláir de chuid an Aontais, IO L 195, 27.7.2017.

26 Cinneadh (AE) 2016/1225 ón gComhairle an 18 Iúil 2016 maidir le tabhairt i gcrích an Phrótacail a ghabhann leis an gComhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Liobáine, den pháirt eile, maidir le Creat-Chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Liobáine maidir leis na prionsabail ghinearálta i dtaca le rannpháirtíocht Phoblacht na Liobáine i gcláir de chuid an Aontais, IO L 202, 28.7.2016.

27 Cinneadh 2005/528/CE ón gComhairle an 2 Meitheamh 2005 maidir le tabhairt i gcrích Prótacail a ghabhann leis an gComhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Poblacht iar-Iúgslavach na Macadóine, den pháirt eile, maidir le Creat-Chomhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht iar-Iúgslavach na Macadóine maidir leis na prionsabail ghinearálta i dtaca le rannpháirtíocht Phoblacht iar-Iúgslavach na Macadóine i gcláir de chuid an Chomhphobail, IO L 192, 22.7.2005.

28 Cinneadh (AE) 2024/375 ón gComhairle an 16 Eanáir 2024 maidir le tabhairt i gcrích an Phrótacail a ghabhann leis an gComhaontú Eatramhach Comhlachais Eora-Mheánmhara maidir le trádáil agus comhar idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt amháin, agus Eagraíocht Shaoirse na Palaistíne (PLO) ar mhaithe le hÚdarás na Palaistíne um an mBruach Thiar agus Stráice Gaza, den pháirt eile, maidir le Comhaontú Réime idir an tAontas Eorpach agus Údarás na Palaistíne um an mBruach Thiar agus Stráice Gaza maidir leis na prionsabail ghinearálta i dtaca lena rannpháirtíocht i gcláir an Aontais, IO L, 2024/375.

29 Cinneadh 2005/527/CE ón gComhairle an 2 Meitheamh 2005 maidir le tabhairt i gcrích Creat-Chomhaontaithe idir an Comhphobal Eorpach agus an tSeirbia agus Montainéagró maidir leis na prionsabail ghinearálta i dtaca le rannpháirtíocht na Seirbia agus Mhontainéagró i gcláir de chuid an Chomhphobail, IO L 192, 22.7.2005.

30 Cinneadh (AE) 2015/2025 ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2015 maidir le tabhairt i gcrích an Phrótacail a ghabhann leis an gComhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Túinéise, den pháirt eile, maidir le Creat-Chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Túinéise maidir leis na prionsabail ghinearálta i dtaca le rannpháirtíocht Phoblacht na Túinéise i gcláir de chuid an Aontais, IO L 297, 13.11.2015.

31 Cinneadh 2002/179/CE ón gComhairle an 17 Nollaig 2001 maidir le tabhairt i gcrích Creat-Chomhaontaithe idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht na Tuirce maidir leis na prionsabail ghinearálta i dtaca le rannpháirtíocht Phoblacht na Tuirce i gcláir de chuid an Chomhphobail, IO L 61, 2.3.2002.

Montainéagró[37], le Maracó[38] agus leis an Úcráin maidir leis an nós imeachta céanna chun CCSA a thabhairt i gcrích, fágtar ar lár sna Cinntí ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích na gCreat-Chomhaontuithe [39] sin tagairt d'údarú sainráite don Choimisiún, ar bhonn Airteagal 218(7) CFAE, chun CCSA a thabhairt i gcrích.

(7) Chun deimhneacht dhlíthiúil agus trédhearcacht a áirithiú, agus ar chúiseanna a bhaineann le cothromaíocht institiúideach agus comhair dhílis idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún, is gá na Cinntí ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích Creat-Chomhaontuithe dá dtagraítear i bpointe 6 a leasú chun údarú sainráite a chur isteach don Choimisiún, ar bhonn Airteagal 218(7) CFAE, chun CCSAnna a thabhairt i gcrích leis na tíortha sin i gcomhréir leis an nós imeachta dá ndéantar foráil in Airteagal 5 de na Creat-Chomhaontuithe.

---

32 Cinneadh 2014/347/AE ón gComhairle an 20 Feabhra 2014 maidir le tabhairt i gcrích Prótacail a ghabhann leis an gComhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Poblacht na hAirméine, den pháirt eile, maidir le Creat-Chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na hAirméine maidir leis na prionsabail ghinearálta i dtaca le rannpháirtíocht Phoblacht na hAirméine i gcláir de chuid an Aontais, IO L 174, 13.6.2014.

33 Cinneadh (AE) 2016/1210 ón gComhairle an 18 Iúil 2016 maidir le tabhairt i gcrích Prótacail a ghabhann leis an gComhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Poblacht na hAsarbaiseáine, den pháirt eile, maidir le Creat-Chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na hAsarbaiseáine maidir leis na prionsabail ghinearálta i dtaca le rannpháirtíocht Phoblacht na hAsarbaiseáine i gcláir de chuid an Aontais, IO L 199, 26.7.2016.

34 Cinneadh 2014/163/AE ón gComhairle an 18 Samhain 2013 maidir le tabhairt i gcrích Prótacail a ghabhann leis an gComhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Ríocht Haisimíteach na hIordáine, den pháirt eile, maidir le Creat-Chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Haisimíteach na hIordáine maidir leis na prionsabail ghinearálta i dtaca le rannpháirtíocht Ríocht Haisimíteach na hIordáine i gcláir de chuid an Aontais, IO L 89, 25.3.2014.

35 Cinneadh 2014/319/AE ón gComhairle an 12 Bealtaine 2014 maidir le tabhairt i gcrích an Phrótacail a ghabhann leis an gComhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus an tSeoirsia, den pháirt eile, maidir le Creat-Chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus an tSeoirsia maidir leis na prionsabail ghinearálta i dtaca le rannpháirtíocht na Seoirsia i gcláir de chuid an Aontais, IO L 165, 4.6.2014.

36 Cinneadh 2011/28/AE ón gComhairle an 12 Aibreán 2011 maidir le tabhairt i gcrích Prótacail a ghabhann leis an gComhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair lena mbunaítear comhpháirtíocht idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Moldóive, den pháirt eile, maidir le Creat-Chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Moldóive maidir leis na prionsabail ghinearálta i dtaca le rannpháirtíocht Phoblacht na Moldóive i gcláir de chuid an Aontais, IO L 131, 18.5.2011.

37 Cinneadh 2088/127/CE ón gComhairle an 13 Samhain 2007 maidir le cur i bhfeidhm sealadach Phrótacal 8 a ghabhann leis an gComhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Poblacht Mhontainéagró, den pháirt eile, maidir leis na prionsabail ghinearálta i dtaca le rannpháirtíocht Mhontainéagró i gcláir de chuid an Chomhphobail, IO L 43, 19.2.2008; Cinneadh 2010/224/AE ón gComhairle agus ón gCoimisiún an 29 Márta 2010 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Cobhsaíochta agus Comhlachais idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Poblacht Mhontainéagró den pháirt eile, IO L 108, 29.4.2010

38 Cinneadh 2012/170/AE ón gComhairle an 8 Márta 2012 maidir le tabhairt i gcrích Prótacail a ghabhann leis an gComhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Ríocht Mharacó, den pháirt eile, maidir le creat-chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Mharacó maidir leis na prionsabail ghinearálta i dtaca le rannpháirtíocht Ríocht Mharacó i gcláir de chuid an Aontais, IO L 90, 28.3.2012.

39 Cinneadh 2011/290/AE ón gComhairle an 13 Bealtaine 2011 maidir le tabhairt i gcrích an Phrótacail a ghabhann leis an gComhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair lena mbunaítear comhpháirtíocht idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus an Úcráin, den pháirt eile, maidir le Creat-Chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin maidir leis na prionsabail ghinearálta i dtaca le rannpháirtíocht na hÚcráine i gcláir de chuid an Aontais, IO L 133, 20.5.2011.

1.2. Míniúchán ar fhorálacha sonracha an togra

I bhfianaise an mhéid thuas, is é is aidhm don togra seo leasú a dhéanamh ar na Cinntí ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích na gCreat-Chomhaontuithe leis an Airméin, leis an Asarbaiseáin, leis an tSeoirsia, leis an Iordáin, leis an Moldóiv, le Montainéagró, le Maracó agus leis an Úcráin maidir leis na coinníollacha ginearálta i ndáil le rannpháirtíocht i gcláir de chuid an Aontais trí údarú sainráite a chur isteach don Choimisiún, ar bhonn Airteagal 218(7) CFAE, chun CCSA a thabhairt i gcrích.

A mhéid a bhaineann leis na Cinntí ón gComhairle lena mbaineann, tá sé beartaithe leis na leasuithe atá molta aghaidh a thabhairt ar an easnamh dá dtagraítear in Aithris (6) thuas trí airteagal a chur isteach lena ndéantar foráil d'údarú sainráite don Choimisiún, ar bhonn Airteagal 218(7) CFAE, chun CCSA a thabhairt i gcrích, mar aon leis an aithris tacaíochta[40]. Thairis sin, maidir leis na Cinntí sin ón gComhairle nach bhfuil tagairt iontu faoi láthair d'Airteagal 218(7) CFAE mar bhunús dlí, tá sé beartaithe tagairt den sórt sin a chur isteach.

2. BUNÚS DLÍ AGUS ROGHA IONSTRAIME

2.1. Bunús dlí an Chinnidh atá beartaithe

I bhfianaise phrionsabal 'na comhthreomhaireachta foirme', is é Airteagal 218(6) CFAE an bunús dlí nós imeachta iomchuí chun Cinntí ón gComhairle a leasú chun comhaontuithe idirnáisiúnta a thabhairt i gcrích. Thairis sin, ós rud é gur tíortha is iarrthóirí iad cuid de na tríú tíortha lena mbaineann, tá an dara fomhír d'Airteagal 218(8) le cur i bhfeidhm maidir le glacadh an Chinnidh seo ón gComhairle.

Cé go ndearnadh leasuithe roimhe seo ar Chinntí ón gComhairle maidir le comhaontuithe idirnáisiúnta a thabhairt i gcrích, níl aon fhasach ann maidir le leasuithe den sórt sin arb é atá iontu údarú sainráite a chur leis don Choimisiún ar bhonn Airteagal 218(7) CFAE. Mar sin féin, ní chruthaítear saincheist deimhneachta dlíthiúla trí údarú den sórt sin a dheonú *ex post* i ndáil le comhaontuithe a tugadh i gcrích cheana, toisc nach n-oibreodh éifeachtaí na leasuithe atá beartaithe ach laistigh den Aontas amháin, gan aon iarmhairt a bheith ann don chaidreamh dlíthiúil idir an tAontas agus na tríú tíortha lena mbaineann.

Is é Airteagal 212 CFAE amháin ba cheart a bheith ina bhunús dlí substainteach don chinneadh leasaitheach ón gComhairle atá beartaithe, gan beann ar na bunúis dlí shubstainteacha atá leis an gcinneadh ón gComhairle a leasú. Go deimhin, ní rialaítear leis an gcinneadh ón gComhairle atá beartaithe ach an nós imeachta a bhaineann le CCSAnna a thabhairt i gcrích agus, dá bhrí sin, baineann sé leis na socruithe maidir le comhar idir an tAontas agus an tríú tír atá i gceist, de réir bhrí Airteagal 212(3) CFAE, a bhfuil sé beartaithe feidhm chothrománach a bheith aige maidir le cláir uile an Aontais ina bhfuil an tríú tír sin rannpháirteach, go neamhspleách ar ábhar na gclár sin.

2.2. An rogha ionstraime

Chun prionsabal comhthreomhaireacht na nósanna imeachta a urramú, beidh an Togra, arb é is aidhm dó leasú a dhéanamh ar líon áirithe Cinntí ón gComhairle maidir le comhaontuithe

[40] I gcásanna áirithe, amhail an Mholdóiv, luaitear Airteagal 218(7) CFAE mar bhunús dlí, gan airteagal a bheith ann, áfach, le tacaíocht ó aithris, lena ndéantar foráil d'údarú sainráite don Choimisiún CCSA a thabhairt i gcrích http://data.europa.eu/eli/dec/2011/283/oj.

idirnáisiúnta a thabhairt i gcrích[41], i bhfoirm Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle atá le glacadh le toiliú Pharlaimint na hEorpa.

[41] Cinneadh (AE) 2014/347 ón gComhairle, Cinneadh (AE) 2014/319 ón gComhairle, Cinneadh (AE) 2011/283 ón gComhairle, Cinneadh (AE) 2012/176 ón gComhairle, Cinneadh (AE) 2011/290 ón gComhairle, Cinneadh (AE) 2016/1210 ón gComhairle, Cinneadh (AE) 2014/163 ón gComhairle, Cinneadh 2010/224/AE, Euratom ón gComhairle agus ón gCoimisiún

2026/0359 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear ocht gCinneadh maidir le Creat-Chomhaontuithe a thabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach agus tíortha áirithe is iarrthóirí agus tíortha áirithe Bheartas Comharsanachta na hEorpa maidir leis na prionsabail ghinearálta i dtaca le rannpháirtíocht i gcláir de chuid an Aontais

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 212, i gcomhar le hAirteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a), le hAirteagal 218(7)agus Airteagal 218(8), an dara fomhír, de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gComhaontú maidir le rannpháirtíocht tríú tír i gclár sonrach de chuid an Aontais (dá ngairtear ‘an Comhaontú maidir le Clár sonrach de chuid an Aontais’ anseo feasta), sainítear na téarmaí agus na coinníollacha sonracha maidir le rannpháirtíocht an tríú tír sin i gclár de chuid an Aontais, go háirithe an ranníocaíocht airgeadais is iníoctha chomh maith le nósanna imeachta tuairiscithe agus meastóireachta.

(2) De réir an chur chuige ‘Creat-Chomhaontuithe’ a tionscnaíodh in 2002[1], tugtar na CCSAnna leis na tíortha aontacha, na tíortha is iarrthóirí agus na tíortha is iarrthóirí ionchasacha agus le tíortha Bheartas Comharsanachta na hEorpa (BCE) i gcrích ar bhonn Creat-Chomhaontuithe ina leagtar amach na prionsabail ghinearálta atá le leanúint sna CCSAnna go léir. Forlíonann na CCSAnna na Creat-Chomhaontuithe trí na téarmaí agus na coinníollacha sonracha maidir le rannpháirtíocht an tríú tír lena mbaineann i ngach clár ar leith de chuid an Aontais a chur leo.

(3) Is iondúil go dtugtar na Creat-Chomhaontuithe agus na CCSAnna i gcrích i bhfoirm comhaontuithe idirnáisiúnta ceangailteacha chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint agus chun gealltanais atá ceangailteach ó thaobh dlí a áirithiú maidir le ranníocaíocht airgeadais an tríú tír chomh maith leis an gcomhar chun bainistíocht fhónta airgeadais chiste an Aontais a áirithiú. Dá bhrí sin, tá na Creat-Chomhaontuithe agus CCSAnna araon faoi réir an nós imeachta chun comhaontuithe a thabhairt i gcrích a leagtar amach in Airteagal 218 CFAE.

(4) Leis na Creat-Chomhaontuithe uile, arna dtabhairt i gcrích le tíortha aontacha, tíortha is iarrthóirí, tíortha is iarrthóirí ionchasacha nó tíortha BCE, déantar foráil maidir le CCSA a bheith á thabhairt i gcrích ag an gCoimisiún, ag gníomhú dó thar ceann an

[1] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig an gComhairle agus chuig Parlaimint na hEorpa maidir leis an gcur chuige ginearálta chun cur ar a gcumas do thíortha comhpháirtíochta BCE a bheith rannpháirteach i ngníomhaireachtaí Comhphobail agus i gcláir Chomhphobail, COM/2006/0724 final.

Aontais, agus ag údaráis inniúla an tríú tír lena mbaineann, i gcomhréir le hAirteagal 5 den Chreat-Chomhaontú ábhartha.

(5) Laistigh den Aontas, tugtar le tuiscint leis an leagan amach sin go n-úsáidfear an nós imeachta simplithe dá ndéantar foráil in Airteagal 218(7) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), trína bhféadfaidh an Chomhairle a údarú don Choimisiún modhnuithe ar an gcomhaontú a fhormheas, thar ceann an Aontais, faoi réir coinníollacha sonracha a fhéadfaidh an Chomhairle a chur i gceangal leis an údarú sin, de réir mar a bheidh.

(6) Tá Creat-Chomhaontuithe agus Prótacail maidir le rannpháirtíocht i gcláir de chuid an Aontais tugtha i gcrích ag an Aontas leis an Albáin[2], leis an Ailgéir[3], leis an Airméin[4], leis an Asarbaiseáin[5], leis an mBoisnia agus an Heirseagaivéin[6], leis an tSeoirsia[7], leis an Iordáin[8], leis an gCosaiv[9], leis an Liobáin[10], leis an Moldóiv[11], le Montainéagró[12],

---

2 2005/517/CE: Cinneadh ón gComhairle an 22 Samhain 2004 maidir le síniú Creat-Chomhaontaithe idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht na hAlbáine maidir leis na prionsabail ghinearálta i dtaca le rannpháirtíocht Phoblacht na hAlbáine i gcláir de chuid an Chomhphobail (IO L 192, 22.7.2005, lch. 1, IO L 334M, 12.12.2008, lgh. 269-270 (MT), ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2005/517/oj).

